

Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Réasúnaíocht

Riachtanas dlíthiúil é faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, go bhfuil ar gach fostóir, i gcomhair leis na fostaithe, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht a ullmhú. Léiríonn sé ceangaltas an Bhoird Bhainistíochta do shláinte agus sábháilteacht agus sonraíonn an bealach, an t-eagrú agus na h-acmhainní a éilítear chun caighdeán sláinte agus sábháilteachta a choinneáil agus a athbhreithniú.

Is mian leis an mBord Bainistíochta a chlár sláinte agus sábháilteachta a breacadh síos agus a chur ar fáil do gach fostaí, do sholáthraí seachtracha seirbhíse agus do Chigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Gaolmhaireacht le féiniúlachta na scoil

Tá sé mar dhuáltais ar an Bord Bainistíochta cinntiú go bhfuil timpeallacht sábháilte do fhoireann na scoile, daoine eile a oibríonn sa scoil, cúirteoirí agus páistí i Scoil Oilibhéir Pluincéid.

Aidhmeanna

Is mian leis an Ráiteas Sábháilteacht seo timpeallacht shábháilte agus shláintiúil oibre a chruthú.

Is mian leis fostaithe a chosaint ar thimpistí san ionad oibre agus ar dhrochshláinte ag an obair.

Is mian leis, chomh fada agus is indéanta go réasúnta, déanamh de réir gach reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta lena n-áirítear na réimsí seo a leanas:

- Ionad sábháilte oibre a chur ar fáil.
- Bealaí sábháilte isteach agus amach.
- Láimhseáil agus úsáid shábháilte ceimiceán saotharlann.
- Trealamh sábháilte lena n-áirítear cothabháil agus úsáid cosaint cuí.
- Trealamh cuí féinchosanta a chur ar fáil.

Impleachtaí ar nósanna/imeachtaí/cleachtais eile

Riaradh Cógas

Cloíonn an scoil leis an mhéid atá leagtha amach sa Polasaí Leigheas. Má tá páiste a chaithfidh cógas a ghlacadh go rialta caithfidh an Bord Bainistíochta cead a thabhairt don múinteoir an cógas a riaradh don pháiste.

Caithfear polasaí breise a leagan amach do pháistí atá tinneas airithe orthu ar nós diaibéiteas agus mar sin de.

Neamhláithreacht Múinteora

Má tá múinteoir as láthair mar gheall ar tinneas caithfidh siad:

- Scairt guthán a chuir ar an Príomhoide.
- Tá sé mar dhualgais ag an Príomhoide ionadaí a fháil.
- Déanfar cinnte go bhfuil feitheoireacht a dhéanamh ar an rang go dtagann an ionadaí.
- Má ghlacann múinteoir lá EVP roinnfear an rang idir na múinteoirí eile.

Nósanna Imeachta um Thimpistí Tromchúiseacha

Cloítear leis na céimeanna seo a leanas:

1. Scairt a chuir ar na tuismitheoirí.
2. Múna bhfuil an múinteoir ábalta fáil i dteagmháil leis an tuismitheoir, tabharfaidh an múinteoir an páiste chuig an dochtúir más féidir an páiste a bhogadh.
3. Múna dtig an páiste a bogadh cuirfear fá choinne an dochtúir/otharcharr.
4. Más gá iarrfar ar an tuismitheoir buaileadh leis an múinteoir agus an páiste ag an dochtúir.
5. Breacfar síos eolas faoin timpiste.

Foirm Timpistí

Líonfar isteach foirm timpiste ón CPSMA Management Board Members' Handbook má tharlaíonn timpiste tromchúiseacha. Teann an foirm seo chuig an Bord Bainistíochta.

Nósanna imeachta na scoile chun déileáil le paistí a bhíonn breoite nó gortaithe.

Cloítear leis na céimeanna seo a leanas:

1. Cuirfear scairt ar an tuismitheoir.
2. Déanfar socrú an páiste a bhailiú ón scoil.
3. Múna féidir an tuismitheoir a fháil coinneofar siúl ar an pháiste.

Garchabhair (First Aid)

Coinnítear fearas garchabhrach san oifig.

- Ní dhéanann an fhoireann cógas a riaradh.
- Glanann na múinteoirí cneá nuair a thiteann an pháiste.
- Tá na múinteoir uilig freagra as garchabhrach.
- Mar thiteann páiste rachainn siad chuig an múinteoir atá ag feitheoireacht sa chlos ar dtús agus cuireann an múinteoir sin go dtí an oifig iad leis an cneá a fháil glanta.

Foirm Clárúcháin

Tá ceist ar an foirm clárú faoi thinneas ar bith atá ar an pháiste agus iad ag teacht na scoile.

Tugann an tuismitheoir treoir don múinteoir ar don dóigh le déileáil leis an tinneas, msh. Pluchú.

Cloíonn na múinteoirí leis an mhéid atá leagtha amach sa polasaí leigheas.

Nós Imeachta um Chleachtadh Dóiteáin

Bíonn druil dóiteáin ag an scoil dhá uair sa bhliain.

Tá fógra ‘Doras Éalaithe’ os comhar na dorais tosaigh.

Tá córas i bhfeidhm sna ranganna don druil – fag málaí, achán rang líne díreach a dhéanamh, an rang a fhágáil go ciúin, dul go dtí an ‘An Pointe Teacht le Chéile’ taobh amuigh, líne a dhéanamh dé réir a rang. Roghnaigh muid “Pointe Teacht le Chéile’ sealadach agus tá muid ag fánach le oifigeach dóiteáin teacht le comhairle a thabhairt dúinn don ait is sábháilte.

Tugann gach múinteoir rolla a rang féin leo.

Daltaí a Thionóil agus a Scaoileadh

Molfar gan na páistí a bheith ag an scoil ró-luath ar maidin. Tá an scoil foscailte go hoifigiúil ag 9.30.

Tagann na Naíonáin díreach isteach sa rang ar maidin. Caitheann na páistí níos sine an t-am sa chlós go dtí go bhfuil am acu dul go dtí an rang.

Rachainn na páistí uilig na bhaile díreach i ndiaidh am scoile.

Gluaiseacht Timpeall an t-Seomra Ranga

Tá cod iompar i bhfeidhm sa ranganna.

Níl céad ag na páistí bogadh thart ar an seomra/dul go dtí an leithreas gan cead.

Feitheoireacht ar Daltaí

Déanann achán múinteoir lá amháin feitheoireacht sa t-seachtain agus caithfidh gach múinteoir dhá lá sa tseachtain a dhéanamh uair sa mhí.

Tá an róta le fáil san oifig.

Itheann na páistí a lón sa rang.

Tá cod iompar/bulaíocht curtha i bhfeidhm i gcónaí nuair atá feitheoireacht ar siúl. Spreagfar na páistí comhoibriú le chéile sa chlós.

Déantar nóta do troid ar bith sa leabhar smachta san oifig.

Míol Gruaige

Cuirfear nóta na bhaile le inse do na tuismitheoirí agus eolas fán suíomh idirlíon an Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte.

Mí-úsáid Páistí

Tá polasaí ag an scoil ar mí-úsáid páistí a chloíonn na múinteoirí leis.

Caidreamh Dearfach Foirne

Cloíonn foireann na scoile leis an mhéid atá leagtha amach sa CPSMA Management Board Members' Handbook ar ábhair ar nós ionsaithe na mhúinteoirí agus fostaithe scoile, ar nós imeachta maidir le gearáin agus ar nós caidreamh dearfach foirne. Tá coip de sa pholasáí seo.

Tá Sláinte agus Sábháilteacht daoine eile ar nós an t-airíoch, an glantóir, cúirteoirí srl. an tábhachtach do Bord Bainistíochta na scoile chomh maith. Déanann an Bord Bainistíochta gach iarracht go mbeidh córas oibre agus uirlisí oibre slán sábháilte do na daoine seo. Déanfar seic dhá uair sa bhliain go bhfuil gach rud sábháilte. Tá sé mar dhualgais ar an t-airíoch, an glantóir srl. inse má tá inní orthu faoi rud ar bith ó thaobh sláinte.

Turas Scoile

Bíonn an múinteoir ranga i gcónaí i láthair don turas scoile. Téann roinnt tuismitheoirí ar an turas chomh maith. Dé gnáth bíonn tuismitheoir amháin do achán 7-8 páiste. Dé gnáth téann na bun ranganna le chéile ar turas. Téann na ard ranganna le chéile. Déanfar fiosrú roimh an turas le cinntiú go bhfuil sé sábháilte. Bíonn an cód iompar agus bulaíocht i bhfeidhm ar an lá sin fosta.

Beidh Rang a 6 ag dul go Baile Átha Cliath achán bhliain faoi chúraim na múinteoirí.

